



Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement
Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Imleabhar 4
– Gnátháit Chónaithe, Imirce, Áit Bhreithe agus Náisiúntachtaí

Tá an riar is airde ag Baile Átha Cliath maidir le náisiúnaigh neamh-Éireannacha

Léiríonn tuairisc nua inniu ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh 150,000 náisiúnaigh neamh-Éireannacha ina gcónaí i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2006. Tá an t-eolas seo le fáil i “Daonáireamh 2006 – Imleabhar 4 – Gnátháit Chónaithe, Imirce, Áit Bhreithe agus Náisiúntachtaí” a thugann tuilleadh torthaí sainiúla ón daonáireamh a rinneadh an 23ú Aibreán 2006.

B’ionann náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus 13 faoin gcéad den daonra 1.16 milliún a chónaíonn i mBaile Átha Cliath de ghnáth, sna contaetha Cathair Átha Cliath, Fine Gall, BÁC Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin le chéile – an riar is airde ag leibhéal contae. Ba ag Cathair agus Contae na Gaillimhe a bhí an dara riar is airde (10.7%) agus bhí an riar is ísle ag Cill Chainnigh (7%).

Is náisiúnaigh neamh-Éireannacha ceithre deichiú dhaonra an Ghoirt

Ba náisiúnaigh neamh-Éireannacha iad gach ceathrar duine as deichniúr a raibh cónaí orthu sa Ghort i gContae na Gaillimhe. As 2,646 gnátháitritheoir an bhaile, dúirt 1,065 gur de náisiúntacht eile seachas Éireannach iad. Ba de náisiúntacht Bhrasaíleach 83.3 faoin gcéad díobh siúd.

Bhí riar ard (36%) ag Béal Átha hAmhnais i gContae Maigh Eo freisin de náisiúnaigh neamh-Éireannacha i measc ghnáth-dhaonra an bhaile. As an 588 duine i gceist, ba náisiúnaigh AE (ó Oirthear na hEorpa go príomha) 327 díobh agus 163 ina náisiúnaigh Áiseacha.

Ardú i líon na dteaghlach naisiúntachta measctha

D’ardaigh líon na dteaghlach ina raibh náisiúnaigh Éireannacha agus neamh-Éireannacha ó 70,721 i 2002 go 95,636 i 2006. D’ardaigh líon comhfhreagrach na dteaghlach le daoine de náisiúntacht neamh-Éireannach amháin ó 20,187 go 50,655 sa tréimhse chéanna. D’ísligh an riar iomlán de theaghlach ina raibh náisiúnaigh Éireannacha amháin ó 90 faoin gcéad i 2002 go 85.9 faoin gcéad i 2006.

Is aonair óga an chuid is mó de na hInimircigh

As an 122,000 duine a tháinig go hÉirinn sna 12 mí roimh an daonáireamh, ba dhaoine singile 83,000 (68.2%), agus as an bhfigiúr sin, bhí 51,700 (62.2%) sna fichidí.

Tuilleadh /...

Cónaíonn beirt as triúr sa chontae inar rugadh iad

Chónaigh 65 faoin gcéad de 4.2 milliún gnátháitritheoirí an Stáit sa chontae inar rugadh iad. Ba ag Cathair agus Contae Chorcaí a bhí an riar is airde dá ghnátháitritheoirí a rugadh sa chontae céanna, le Dún na nGall sa dara háit. Ar an taobh eile de, rugadh seisiúr as gach deichniúr de na daoine a chónaigh i gContae na Mí i mí Aibreáin 2006 lasmuigh den Chontae, le Cill Dara sa dara háit (59%).

Nóta an Eagarthóra

Tugann an foilseachán *Daoináireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, éisithe an 29ú Márta 2006, achoimre ag leibhéal an Stáit ar shonraí ó Imleabhair 1 – 6, 9 agus 13 de na tuarascálacha daonáirimh shonraithe.

Tugann an foilseachán a eisítear inniu, Imleabhar 4, figiúirí comhfhreagracha ag leibhéal geograifeach níos mine.

Cuirfead na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 ar fáil ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie). Gheobhfar na Táblaí ag leibhéal Toghcheantair, Toghcheantair Áitiúil agus Bhaile Bhig ar an láithreán gréasáin amháin.

D'fhonn cóip a fháil den fhoilseachán, téigh i dteagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil ón láithreán gréasáin (féach thíos).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Shaun McLaughlin ar 01-895 1474 nó Brian King ar 01-895 1334.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh (01) 895 1460/61/63/66

Facs: (01) 895 1399

Ríomh-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

12 Iúil 2007

– CRÍOCH –